2025/1709

1.8.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1709 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Iúil 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 a mhéid a bhaineann le leithdháiltí ceant neamhiomaíocha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) ([1]), agus go háirithe Airteagal 224(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh isteach cineál nua idirbhirt leithdháilte ceant neamhiomaíoch le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2025/363 ón gCoimisiún ([2]), lenar leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún ([3]). Ós rud é go mbunaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais, ba cheart an cineál idirbhirt sin a léiriú freisin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 ón gCoimisiún ([4]) a bhfuil feidhm aige maidir le haon ghníomhaíocht iasachtaíochta agus bainistithe fiachais a dhéanann an Coimisiún agus lena mbunaítear líonra na bpríomhdhéileálaithe agus lena leagtar síos cearta agus oibleagáidí chomhaltaí líonra na bpríomhdhéileálaithe.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú sa leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 cearta agus oibleagáidí na bpríomhdhéileálaithe i ndáil leis an leithdháileadh ceant neamhiomaíoch. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe le leithdháiltí ceant neamhiomaíocha dreasacht a sholáthar do phríomhdhéileálaithe, ba cheart a shoiléiriú nár cheart idirbhearta den sórt sin agus méideanna a cheannaítear tríothu a mheas sna híoscheanglais maidir le rannpháirtíocht i gceantanna is infheidhme maidir le príomhdhéileálaithe.

(3) Chun soiléireacht a sholáthar maidir le feidhmiú an leithdháilte ceant neamhiomaíoch ar chomhaltaí líonra príomhdhéileálaithe an Aontais, ba cheart foráil a dhéanamh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 maidir leis an bhféidearthacht tuilleadh rialacha mionsonraithe a leagan amach maidir le húsáid agus feidhmiú an leithdháilte ceant neamhiomaíoch sna téarmaí agus coinníollacha ginearálta le haghaidh phríomhdhéileálaithe an Aontais.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 a leasú dá réir.

(5) Na leasuithe dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is réamhriachtanas iad le haghaidh céimeanna breise i gcur chun feidhme leithdháiltí ceant neamhiomaíocha, is é sin glacadh téarmaí agus coinníollacha ginearálta leasaithe agus foilsiú agus teacht i bhfeidhm na leasuithe ar chlár eisiúna fiachais an Aontais agus Euratom. Ós rud é go bhfuil sé beartaithe an fheidhmiúlacht ceant neamhiomaíoch a sheoladh i mí Mheán Fómhair 2025, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe san Iris Oifigiúil,

([1]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2025/363 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le creat um bainistíocht riosca agus um chomhlíontacht le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus iasachtaithe agus leithdháileadh ceant neamhiomaíoch (IO L, 2025/363, 25.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/363/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L, 2023/2825, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2825/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 maidir leis an líonra príomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO L 196, 4.8.2023, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1602/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1602 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach pointe (10):

'(10) ciallaíonn 'leithdháileadh ceant neamhiomaíoch' an próiseas eisiúna trína leithdháiltear méideanna urrúis fiachais an Aontais agus Euratom, de bhreis ar na méideanna a chuirtear ar ceant, ar chomhaltaí de líonra na bpríomhdhéileálaithe atá rannpháirteach sa cheant, arna iarraidh sin dóibh, ar bhonn praghas socraithe, laistigh de thréimhse shocraithe ama tar éis ceant agus trí ardán ceantála a úsáid, de réir mar is iomchuí, chun an leithdháileadh a dhéanamh.';

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír (a):

'(a) urrúis fiachais a láithriú ar na príomhmhargaí caipitil, go háirithe trí ardán ceantála agus idirbhearta sindeacáite;'

(3) in Airteagal 5(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) íosmheán ualaithe 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas nó Euratom ar ceant a cheannach, ar bhonn leathbhliantúil i gcomhréir le cuid 1 d'Iarscríbhinn I. Déanfar méideanna urrúis fiachais an Aontais agus Euratom arna n-eisiúint trí leithdháiltí ceant neamhiomaíocha a eisiamh agus an t-íosmheán ualaithe 0,05 % de na méideanna a chuireann an tAontas nó Euratom ar ceant á ríomh, ar bhonn leathbhliantúil i gcomhréir le cuid 1 d'Iarscríbhinn I.';

(4) In Airteagal 6(2), cuirtear isteach pointe (h):

'(h) rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le húsáid agus feidhmiú ceantanna agus leithdháiltí ceant neamhiomaíocha.';

(5) In Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) páirt a ghlacadh in aon cheant ar urrúis fiachais an Aontais nó Euratom agus tairiscint a dhéanamh ann agus páirt a ghlacadh i leithdháiltí ceant neamhiomaíocha, tar éis páirt a ghlacadh sa cheant comhfhreagrach agus urrúis fiachais an Aontais nó Euratom a cheannach tríd;';

(6) in Airteagal 8, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

'(a) i gcás inar cheannaigh siad sciar íosta de na méideanna arna gceantáil ag an Aontas agus Euratom ar mheán ualaithe bunaithe ar na ceantanna deireanacha ar bhonn leanúnach. Déanfar na méideanna arna n-eisiúint trí leithdháiltí ceant neamhiomaíocha a eisiamh agus ríomh á dhéanamh ar an sciar íosta de na méideanna arna gceantáil ag an Aontas agus Euratom ar mheán ualaithe bunaithe ar na ceantanna deireanacha ar bhonn leanúnach';

(7) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1 (g):

'(g) Déanfar ríomh na méideanna arna gceannach ag príomhdhéileálaithe le linn na tréimhse ábhartha 6 mhí a ualú i gcomhréir leis an tábla seo a leanas:

Aibíocht iarmharach	3,5]	]3,5m-1Y]	]1Y-4Y]	]4Y-8Y]	]8Y-12Y]	]12Y-17Y]	]17Y-23Y]	Os cionn 23
Comhéifeacht	0,5	1	2,5	5,5	10	15	20	25

Déanfar na méideanna arna n-eisiúint trí leithdháiltí ceant neamhiomaíocha a eisiamh ón ríomh sin ar na méideanna arna gceannach'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN